2025/2265

6.11.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/2265 ÓN gCOIMISIÚN

an 5 Samhain 2025

lena leasaítear Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 a mhéid a bhaineann leis na hiontrálacha a bhaineann le Ceanada, leis an Ríocht Aontaithe agus leis na Stáit Aontaithe ar na liostaí de thríú tíortha, de chríocha nó de chriosanna de thríú tír nó de chríoch atá údaraithe maidir le coinsíneachtaí d'éanlaith chlóis agus de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, agus d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus ó éin ghéim a theacht isteach san Aontas

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ('Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe') ([1]), agus go háirithe Airteagal 230(1) agus 232(1), pointe (b) agus 232(3), pointe (b) de.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Foráiltear le Rialachán (AE) 2016/429 nach gá cead a thabhairt coinsíneachtaí ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch ó thríú tíortha nó críocha a theacht isteach san Aontas ach amháin má liostaítear na tríú tíortha nó na críocha lena mbaineann i gcomhréir le hAirteagal 230(1) den Rialachán sin.

(2) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún ([2]) leagtar síos na ceanglais sláinte ainmhithe nach mór do choinsíneachtaí de speicis agus catagóirí áirithe ainmhithe, de tháirgí geirmeacha agus de tháirgí de bhunadh ainmhíoch a chomhlíonadh chun teacht isteach san Aontas ó thríú tíortha, ó chríocha, nó ó chriosanna de thríú tír nó de chríoch, nó ó dheighleoga de thríú tír nó de chríoch i gcás ainmhithe uisceacha.

(3) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún ([3]) leagtar síos na liostaí de thríú tíortha, de chríocha nó criosanna de thríú tír nó de chríoch, óna gceadaítear na speicis agus na catagóirí ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch a thagann faoi raon feidhme Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 a theacht isteach san Aontas. Déantar na liostaí sin agus rialacha ginearálta áirithe maidir leis na liostaí sin a leagan amach in Iarscríbhinní I go XXII a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin.

(4) Go háirithe, le hIarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 leagtar amach na liostaí de thríú tíortha, de chríocha, nó de chriosanna de thríú tír nó de chríoch atá údaraithe maidir le coinsíneachtaí d'éanlaith chlóis agus de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, agus d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus ó éin ghéim a theacht isteach san Aontas.

(5) Tá fógra tugtha ag Ceanada don Choimisiún faoi naoi ráig nua den fhliú éanúil ardphataigineach (HPAI) in éanlaith chlóis i gcúigí Alberta, British Columbia, Manitoba, Quebec, agus Saskatchewan, ráigeanna a deimhníodh idir an 13 Deireadh Fómhair 2025 agus an 26 Deireadh Fómhair 2025 le hanailís saotharlainne (ISP-CT).

([1]) IO L 84, 31.3.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/429/oj.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún an 30 Eanáir 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le coinsíneachtaí d'ainmhithe áirithe, de tháirgí geirmeacha áirithe agus de tháirgí áirithe de bhunadh ainmhíoch a theacht isteach san Aontas, agus maidir lena ngluaiseacht agus a láimhseáil tar éis a dteacht isteach (IO L 174, 3.6.2020, lch. 379, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2020/692/oj).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún an 24 Márta 2021 lena leagtar síos na liostaí de thríú tíortha, de thríú críocha nó de chriosanna díobh óna gceadaítear ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch teacht isteach san Aontas i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 114, 31.3.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2021/404/oj).

(6) Thug an Ríocht Aontaithe fógra don Choimisiún faoi cheithre ráig nua de HPAI in éanlaith chlóis atá ann i gcontaetha Cumbria, North Yorkshire, agus Suffolk, Sasana, agus i gcontae Denbighshire, an Bhreatain Bheag, ráigeanna a deimhníodh an 25 Deireadh Fómhair 2025 agus an 26 Deireadh Fómhair 2025, faoi seach, le hanailís saotharlainne (ISP-CT).

(7) Thug na Stáit Aontaithe fógra don Choimisiún faoi 17 ráig nua de HPAI in éanlaith chlóis i stáit Georgia (1), Idaho (1), Indiana (6), Minnesota (4), agus Pennsylvania (5), ráigeanna a deimhníodh idir an 14 Deireadh Fómhair 2025 agus an 24 Deireadh Fómhair 2025 le hanailís saotharlainne (ISP-CT).

(8) Tar éis na ráigeanna sin de HPAI a tharla le déanaí, bhunaigh údaráis tréidliachta Cheanada, na Ríochta Aontaithe agus na Stát Aontaithe criosanna srianta de 10 km ar a laghad timpeall ar na bunaíochtaí a bhí buailte agus chuir siad beartas díothaithe chun feidhme chun láithreacht HPAI a rialú agus chun teorainn a chur le leathadh an ghalair sin.

(9) Tá faisnéis curtha faoi bhráid an Choimisiúin ag Ceanada, ag an Ríocht Aontaithe agus ag na Stáit Aontaithe maidir leis an staid eipidéimeolaíoch ar a gcríocha féin agus maidir leis na bearta atá déanta acu chun leathadh breise an fhliú éanúil ardphataiginigh a chosc tar éis na ráigeanna den fhliú éanúil ardphataigineach sin a tharla le déanaí.

(10) Rinne an Coimisiún meastóireacht ar an bhfaisnéis sin. I bhfianaise na staide sláinte ainmhithe sna limistéir atá faoi shrianta arna mbunú ag údaráis tréidliachta Cheanada, na Ríochta Aontaithe agus na Stát Aontaithe, ba cheart teacht isteach coinsíneachtaí d'éanlaith chlóis agus de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, agus d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus ó éin ghéim san Aontas ó na limistéir lena mbaineann na ráigeanna sna tríú tíortha sin a chur ar fionraí chun stádas sláinte ainmhithe an Aontais a chosaint, agus na dátaí a deimhníodh na ráigeanna á gcur san áireamh. Dá bhrí sin, ba cheart na hiontrálacha a bhaineann leis na tríú tíortha sin sna táblaí a leagtar amach i Roinn B de Chuid 1 agus i gCuid 2 d'Iarscríbhinn V, agus sa tábla a leagtar amach i Roinn B, Cuid 1 d'Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 a leasú dá réir.

(11) Ina theannta sin, tá faisnéis nuashonraithe soláthartha don Choimisiúin ag Ceanada agus ag na Stáit Aontaithe maidir leis an staid eipidéimeolaíoch ar a gcríocha faoi seach a mhéid a bhaineann le ráigeanna a bhí ann roimhe seo de HPAI ba chúis le teacht isteach coinsíneachtaí d'éanlaith chlóis agus de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, agus d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus ó éin ghéim a chur ar fionraí san Aontas, mar a leagtar amach sa tábla i Roinn B de Chuid 1 d'Iarscríbhinn V, agus sa tábla i Roinn B de Chuid 1 d'Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.

(12) An 7 Deireadh Fómhair 2025, chuir Ceanada faisnéis nuashonraithe isteach maidir leis an staid sláinte ainmhithe agus na bearta atá déanta aige i ndáil le dhá ráig de HPAI atá ann in éanlaith chlóis i gcúige Alberta, ráigeanna a deimhníodh an 9 Meán Fómhair 2025 le hanailís saotharlainne (ISP-CT).

(13) An 23 Deireadh Fómhair 2025, chuir na Stáit Aontaithe faisnéis nuashonraithe isteach maidir leis an staid sláinte ainmhithe agus na bearta atá déanta acu i ndáil le seacht ráig de HPAI in éanlaith chlóis i stáit North Dakota agus South Dakota, ráigeanna a deimhníodh idir an 28 Lúnasa 2025 agus an 13 Meán Fómhair 2025 le hanailís saotharlainne (ISP-CT).

(14) Tá Ceanada agus na Stáit Aontaithe tar éis an Coimisiún a chur ar an eolas go bhfuil beartas díothaithe curtha chun feidhme acu, tar éis na ráigeanna sin de HPAI a bhí ann roimhe seo, chun leathadh an ghalair sin a rialú agus chun teorainn a chur leis, agus go bhfuil na bearta glantacháin agus díghalraithe is gá curtha i gcrích acu freisin tar éis chur chun feidhme an bheartais díothaithe sna bunaíochtaí éanlaithe clóis ionfhabhtaithe.

(15) Tá meastóireacht déanta ag an gCoimisiún ar an bhfaisnéis a chuir Ceanada agus na Stáit Aontaithe faoina bhráid agus measann sé go bhfuil ráthaíochtaí iomchuí tugtha acu nach bagairt do shláinte ainmhithe ná do shláinte phoiblí laistigh den Aontas a thuilleadh í an staid sláinte ainmhithe ba chúis le teacht isteach coinsíneachtaí d'éanlaith chlóis agus de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, agus d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus ó éin ghéim san Aontas ó na criosanna atá buailte a chur ar fionraí, mar a leagtar amach sa tábla i Roinn B de Chuid 1 d'Iarscríbhinn V, agus sa tábla i Roinn B de Chuid 1 d'Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404, agus, dá bhrí sin, maidir le teacht isteach na gcoinsíneachtaí sin san Aontas ó na criosanna buailte de na tríú tíortha sin óna raibh a dteacht isteach san Aontas curtha ar fionraí, gur cheart é a athúdarú. Dá bhrí sin, ba cheart na hiontrálacha a bhaineann le Ceanada agus na Stáit Aontaithe sna táblaí sin sna hIarscríbhinní sin a leasú dá réir.

(16) Agus na ráigeanna nua de HPAI i gCeanada, sa Ríocht Aontaithe agus sna Stáit Aontaithe á gcur san áireamh agus chun cur isteach neamhriachtanach ar thrádáil le Ceanada agus leis na Stáit Aontaithe a sheachaint, ba cheart éifeacht a bheith leis na leasuithe atá le déanamh ar Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 leis an Rialachán seo mar ábhar práinne.

(17) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 5 Samhain 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 mar a leanas:

(1) Leasaítear Iarscríbhinn V mar a leanas:

(a) i gCuid 1, leasaítear Roinn B mar a leanas:

(i) san iontráil a bhaineann le Ceanada, cuirtear isteach an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chriosanna CA-2.268 agus CA-2.269:

‘**CA** Ceanada	CA-2.268	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		9.9.2025	30.10.2025
	CA-2.269		N, P1		9.9.2025	27.10.2025’

(ii) san iontráil a bhaineann le Ceanada, cuirtear isteach na rónna seo a leanas le haghaidh chriosanna CA-2.280 go CA-2.291 tar éis an ró le haghaidh chrios CA-2.279:

‘**CA** Ceanada	CA-2.280	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		13.10.2025	
	CA-2.281		N, P1		13.10.2025	
	CA-2.282		N, P1		13.10.2025	
	CA-2.283		N, P1		13.10.2025	
	CA-2.284		N, P1		15.10.2025	
	CA-2.285		N, P1		15.10.2025	
	CA-2.286		N, P1		16.10.2025	
	CA-2.287		N, P1		16.10.2025	
	CA-2.288		N, P1		20.10.2025	
	CA-2.289		N, P1		23.10.2025	
	CA-2.290		N, P1		25.10.2025	
	CA-2.291		N, P1		26.10.2025’	

(iii) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear isteach na rónna le haghaidh chriosanna GB-2.396 go dtí GB-2.399 tar éis na rónna le haghaidh chrios GB-2.395:

‘**GB** an Ríocht Aontaithe	GB-2.396	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		25.10.2025	
	GB-2.397		N, P1		25.10.2025	
	GB-2.398		N, P1		25.10.2025	
	GB-2.399		N, P1		26.10.2025’	

(iv) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chriosanna US-2.1042 agus US-2.1043:

‘**US** na Stáit Aontaithe	US-2.1042	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		An 28 Lúnasa 2025	15.10.2025
	US-2.1043		N, P1		2.9.2025	10.10.2025’

(v) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chriosanna US-2.1045 agus US-2.1046:

‘**US** na Stáit Aontaithe	US-2.1045	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		9.9.2025	15.10.2025
	US-2.1046		N, P1		10.9.2025	25.10.2025’

(vi) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.1048:

‘**US** na Stáit Aontaithe	US-2.1048	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		4.9.2025	17.10.2025’

(vii) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chriosanna US-2.1051 agus US-2.1052:

‘**US** na Stáit Aontaithe	US-2.1051	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		11.9.2025	25.10.2025
	US-2.1052		N, P1		13.9.2025	25.10.2025’

(viii) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear isteach na rónna seo a leanas le haghaidh chriosanna US-2.1083 go US-2.1099 tar éis an ró le haghaidh chrios US-2.1082:

‘**US** na Stáit Aontaithe	US-2.1083	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		14.10.2025	
	US-2.1084		N, P1		14.10.2025	
	US-2.1085		N, P1		16.10.2025	
	US-2.1086		N, P1		16.10.2025	
	US-2.1087		N, P1		16.10.2025	
	US-2.1088		N, P1		21.10.2025	
	US-2.1089		N, P1		16.10.2025	
	US-2.1090		N, P1		20.10.2025	
	US-2.1091		N, P1		20.10.2025	
	US-2.1092		N, P1		20.10.2025	
	US-2.1093		N, P1		20.10.2025	
	US-2.1094		N, P1		22.10.2025	
	US-2.1095		N, P1		22.10.2025	
	US-2.1096		N, P1		22.10.2025	
	US-2.1097		N, P1		23.10.2025	
	US-2.1098		N, P1		24.10.2025	
	US-2.1099		N, P1		24.10.2025’	

(b) Leasaítear Cuid 2 mar a leanas:

(i) san iontráil a bhaineann le Ceanada, cuirtear isteach na tuairiscí seo a leanas ar chriosanna CA-2.280 go CA-2.291 tar éis an ró le haghaidh chrios CA-2.279:

‘Ceanada	CA-2.280	British Columbia– Latitude 49.08, Longitude -122.43 Fraser Valley Regionalization Zone 4. The municipalities involved are: Abbotsford, Aberdeen, Gifford, Glen Valley
	CA-2.281	British Columbia– Latitude 49.07, Longitude -122.29 Fraser Valley Regionalization Zone 5. The municipality involved is: Abbotsford
	CA-2.282	British Columbia– Latitude 49.08, Longitude -122.08 Fraser Valley Regionalization Zone 6. The municipalities involved are: Arnold, Lindell, Lindell Beach, Kilgard, Barrowtown, Atchelitz, Chilliwack, South Sumas, Baker Trails, and Cultus Lake
	CA-2.283	British Columbia– Latitude 49.25, Longitude -122.43 Fraser Valley Regionalization Zone 10. The municipalities involved are: Mission, Hatzic, Silverhill, Steelhead, Stave Falls, Ruskin, Whonnock, Websters Corners, and Silver Valley.
	CA-2.284	Quebec Latitude 47.56, Longitude -70.26 The municipalities involved are: 3 km PZ: Charlevoix-Est and Saint-Irénée 10 km SZ: Charlevoix-Est, La Malbaie, La Vieille-Maison-Jaune, Les boulements, Notre-Dame-des-Monts, Saint-Aimé-des-Lacs, Saint-Hilarion, and Saint-Irénée
	CA-2.285	Manitoba – Latitude 49.59, Longitude -96.82 The municipalities involved are: 3 km PZ: CHanover, Kleefeld, and New Bothwell 10 km SZ: Blumenort, De Salaberry, Hanover, Kleefeld, Landmark, Linden, Mitchell, New Bothwell, Niverville, Randolph, Ritchot, Steinbach, Taché, and Tourond.
	CA-2.286	Saskatchewan Latitude 52.26, Longitude -105.46 The municipalities involved are: 3 km PZ: Bayne and Bruno 10 km SZ: Bayne, Bremen, Bruno, Carmel, Dana, Humboldt and Muskiki Springs
	CA-2.287	Alberta – Latitude 51.19, Longitude -114.25 The municipalities involved are: 3 km PZ: Calgary and Rocky View 10 km SZ: Calgary, Cochrane, and Rocky View
	CA-2.288	Manitoba – Latitude 49.56, Longitude -96.66 The municipalities involved are: 3 km PZ: Blumenort, Hanover and Steinbach 10 km SZ: Blumenort, Giroux, Hanover, La Broquerie, Landmark, Mitchell, New Bothwell, Randolph, Ste. Anne, and Steinbach
	CA-2.289	Saskatchewan Latitude 52.7, Longitude -106.74 The municipalities involved are: 3 km PZ: Blaine Lake, Laird, Petrofka and Waldheim 10 km SZ: Blaine Lake, Laird, Petrofka and Waldheim

	CA-2.290	Manitoba – Latitude 49.59, Longitude -96.7 The municipalities involved are: 3 km PZ: Blumenort, Elma, Hanover, and Steinbach 10 km SZ: Blumenort, Elma, Giroux, Hanover, La Broquerie, Landmark, Mitchell, Ste. Anne, and Steinbach
	CA-2.291	Saskatchewan Latitude 52.44, Longitude -105.63 The municipalities involved are: 3 km PZ: Cudworth and Hoodoo 10 km SZ: Bayne, Bremen, Cudworth, Fish Creek, and Hoodoo'

(ii) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear isteach an tuairisc seo a leanas le haghaidh chriosanna GB-2.396 go dtí GB-2.399 tar éis na tuairisce le haghaidh chrios GB-2.395:

'an Ríocht Aontaithe	GB-2.396	near Cynwyd, Denbighshire, Wales, GB the area contained with a circle of a radius of 10 km, centred on WGS84 dec, coordinates Lat: N52.95 Long: D.21– W3.44
	GB-2.397	near Bedale, Thirsk and Malton, Yorkshire, England, GB the area contained with a circle of a radius of 10 km, centred on WGS84 dec, coordinates Lat: N54.33 Long: W1.61
	GB-2.398	near Penrith, Westmorland and Furness, Cumbria, England, GB the area contained with a circle of a radius of 10 km, centred on WGS84 dec, coordinates Lat: N54.66 Long: W2.78
	GB-2.399	near Lakenheath, West Suffolk, Suffolk, England, GB the area contained with a circle of a radius of 10 km, centred on WGS84 dec, coordinates Lat: N52.44 Long: E0.52'

(iii) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear isteach na tuairiscí seo a leanas ar chriosanna US-2.1083 go US-2.1099 tar éis na tuairisce ar chrios US-2.1082:

'na Stáit Aontaithe	US-2.1083	State of Indiana LaGrange 02 LaGrange County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 85.5442386°W 41.6788362°N)
	US-2.1084	State of Indiana Elkhart 07 Elkhart County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 85.7231942°W 41.7254155°N)
	US-2.1085	State of Indiana LaGrange 03 LaGrange County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 85.5366597°W 41.6735754°N)
	US-2.1086	State of Indiana LaGrange 04 LaGrange County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 85.5460216°W 41.6753365°N)

	US-2.1087	State of Indiana Elkhart 08 Elkhart County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 85.7260986°W 41.7224959°N)
	US-2.1088	State of Indiana LaGrange 05 LaGrange County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 85.5507391°W 41.6688771°N)
	US-2.1089	State of Minnesota Otter Tail 14 Otter Tail County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 95.3657614°W 46.2920714°N)
	US-2.1090	State of Minnesota Swift 10 Swift County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 95.2457485°W 45.2568268°N)
	US-2.1091	State of Pennsylvania Lancaster 43 Lancaster County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 76.0704505°W 40.2174005°N)
	US-2.1092	State of Pennsylvania Lancaster 44 Lancaster County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 76.0652372°W 40.2354692°N)
	US-2.1093	State of Idaho Payette 01 Payette County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 116.7693359°W 43.8995410°N)
	US-2.1094	State of Minnesota Otter Tail 15 Otter Tail County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 95.6672050°W 46.7548956°N)
	US-2.1095	State of Minnesota Meeker 20 Meeker County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 94.3821034°W 45.2901552°N)
	US-2.1096	State of Pennsylvania Lancaster 45 Lancaster County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 76.0598758°W 40.2209382°N)
	US-2.1097	State of Pennsylvania Lancaster 46 Lancaster County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 76.0611511°W 40.2108587°N)
	US-2.1098	State of Pennsylvania Lancaster 47 Lancaster County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 76.0645965°W 40.2081594°N)

	US-2.1099	State of Georgia Gordon 01 Gordon County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 84.8084714°W 34.5932581°N)'

(2) in Iarscríbhinn XIV, i gCuid 1, leasaítear Roinn B mar a leanas:

(a) san iontráil a bhaineann le Ceanada, cuirtear isteach an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chriosanna CA-2.268 agus CA-2.269:

'**CA** Ceanada	CA-2.268	POU, RAT	N, P1		9.9.2025	30.10.2025
		GBM	D.21– P1		9.9.2025	30.10.2025
	CA-2.269	POU, RAT	N, P1		9.9.2025	27.10.2025
		GBM	D.21– P1		9.9.2025	27.10.2025'

(b) san iontráil a bhaineann le Ceanada, cuirtear isteach na rónna seo a leanas le haghaidh chriosanna CA-2.280 go CA-2.291 tar éis an ró le haghaidh chrios CA-2.279:

'**CA** Ceanada	CA-2.280	POU, RAT	N, P1		13.10.2025	
		GBM	D.21– P1		13.10.2025	
	CA-2.281	POU, RAT	N, P1		13.10.2025	
		GBM	D.21– P1		13.10.2025	
	CA-2.282	POU, RAT	N, P1		13.10.2025	
		GBM	D.21– P1		13.10.2025	
	CA-2.283	POU, RAT	N, P1		13.10.2025	
		GBM	D.21– P1		13.10.2025	
	CA-2.284	POU, RAT	N, P1		15.10.2025	
		GBM	D.21– P1		15.10.2025	
	CA-2.285	POU, RAT	N, P1		15.10.2025	
		GBM	D.21– P1		15.10.2025	
	CA-2.286	POU, RAT	N, P1		16.10.2025	
		GBM	D.21– P1		16.10.2025	
	CA-2.287	POU, RAT	N, P1		16.10.2025	
		GBM	D.21– P1		16.10.2025	
	CA-2.288	POU, RAT	N, P1		20.10.2025	
		GBM	D.21– P1		20.10.2025	
	CA-2.289	POU, RAT	N, P1		23.10.2025	
		GBM	D.21– P1		23.10.2025	
	CA-2.290	POU, RAT	N, P1		25.10.2025	
		GBM	D.21– P1		25.10.2025	
	CA-2.291	POU, RAT	N, P1		26.10.2025	
		GBM	D.21– P1		26.10.2025'	

(c) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear isteach na rónna seo a leanas le haghaidh chriosanna GB-2.396 go GB-2.399 tar éis an ró le haghaidh chrios GB-2.395:

'**GB** an Ríocht Aontaithe	GB-2.396	POU, RAT	N, P1		25.10.2025	
		GBM	D.21– P1		25.10.2025	
	GB-2.397	POU, RAT	N, P1		25.10.2025	
		GBM	D.21– P1		25.10.2025	
	GB-2.398	POU, RAT	N, P1		25.10.2025	
		GBM	D.21– P1		25.10.2025	
	GB-2.399	POU, RAT	N, P1		26.10.2025	
		GBM	D.21– P1		26.10.2025'	

(d) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chriosanna US-2.1042 agus US-2.1043:

'**US** na Stáit Aontaithe	US-2.1042	POU, RAT	N, P1		An 28 Lúnasa 2025	15.10.2025
		GBM	D.21– P1		An 28 Lúnasa 2025	15.10.2025
	US-2.1043	POU, RAT	N, P1		2.9.2025	10.10.2025
		GBM	D.21– P1		2.9.2025	10.10.2025'

(e) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chriosanna US-2.1045 agus US-2.1046:

'**US** na Stáit Aontaithe	US-2.1045	POU, RAT	N, P1		9.9.2025	15.10.2025
		GBM	D.21– P1		9.9.2025	15.10.2025
	US-2.1046	POU, RAT	N, P1		10.9.2025	25.10.2025
		GBM	D.21– P1		10.9.2025	25.10.2025'

(f) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.1048:

'**US** na Stáit Aontaithe	US-2.1048	POU, RAT	N, P1		4.9.2025	17.10.2025
		GBM	D.21– P1		4.9.2025	17.10.2025'

(g) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chriosanna US-2.1051 agus US-2.1052:

'**US** na Stáit Aontaithe	US-2.1051	POU, RAT	N, P1		11.9.2025	25.10.2025
		GBM	D.21– P1		11.9.2025	25.10.2025
	US-2.1052	POU, RAT	N, P1		13.9.2025	25.10.2025
		GBM	D.21– P1		13.9.2025	25.10.2025'

(h) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear isteach na rónna seo a leanas le haghaidh chriosanna US-2.1083 go US-2.1099 tar éis an ró le haghaidh chrios US-2.1082:

'**US** na Stáit Aontaithe	US-2.1083	POU, RAT	N, P1		14.10.2025	
		GBM	D.21– P1		14.10.2025	
	US-2.1084	POU, RAT	N, P1		14.10.2025	
		GBM	D.21– P1		14.10.2025	
	US-2.1085	POU, RAT	N, P1		16.10.2025	
		GBM	D.21– P1		16.10.2025	
	US-2.1086	POU, RAT	N, P1		16.10.2025	
		GBM	D.21– P1		16.10.2025	
	US-2.1087	POU, RAT	N, P1		16.10.2025	
		GBM	D.21– P1		16.10.2025	
	US-2.1088	POU, RAT	N, P1		21.10.2025	
		GBM	D.21– P1		21.10.2025	
	US-2.1089	POU, RAT	N, P1		16.10.2025	
		GBM	D.21– P1		16.10.2025	
	US-2.1090	POU, RAT	N, P1		20.10.2025	
		GBM	D.21– P1		20.10.2025	
	US-2.1091	POU, RAT	N, P1		20.10.2025	
		GBM	D.21– P1		20.10.2025	
	US-2.1092	POU, RAT	N, P1		20.10.2025	
		GBM	D.21– P1		20.10.2025	
	US-2.1093	POU, RAT	N, P1		20.10.2025	
		GBM	D.21– P1		20.10.2025	
	US-2.1094	POU, RAT	N, P1		22.10.2025	
		GBM	D.21– P1		22.10.2025	
	US-2.1095	POU, RAT	N, P1		22.10.2025	
		GBM	D.21– P1		22.10.2025	
	US-2.1096	POU, RAT	N, P1		22.10.2025	
		GBM	D.21– P1		22.10.2025	
	US-2.1097	POU, RAT	N, P1		23.10.2025	
		GBM	D.21– P1		23.10.2025	
	US-2.1098	POU, RAT	N, P1		24.10.2025	
		GBM	D.21– P1		24.10.2025	
	US-2.1099	POU, RAT	N, P1		24.10.2025	
		GBM	D.21– P1		24.10.2025'	